Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director of Corporate Enforcement

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA CÚRAM CUSTAIMÉIRÍ

# 2016 – 2018

# Prionsabail Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí

**Tá an oifig tiomanta go hiomlán a chur ar fáil na leibhéil is airde seirbhíse dár gcustaiméirí go léirde réir an 12 Prionsabail Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí.**

Seo a bheidh Ranna Stáitseirbhíse agus oifigí Seirbhíse Poiblí ag gníomhú ina bplé leis an bpobal:

### 1. Caighdeán Árd sa tSeirbhís

Foilseofar ráiteas a rianaíonn cineál agus caighdeán na seirbhíse a bhféadfaidh an chustaiméir bheith ag súil leis agus taispeánfar an ráiteas sin go soiléir in ionad seachadta na seirbhíse.

### 2. Cothromas/Éagsúlacht

Cinnteofar ceart an duine ar chóireáil chothrom bunaithe ar reachtaíocht agus déanfar freastal d'éagsúlacht sa chaoi is go gcuirfear leis an gcomhionannas i measc grúpaí atá clúdaithe faoin reachtaíocht um chomhionannas (ar chúiseanna inscne, stádas pósta, stáda clainne, claonta gnéasaigh, creideamh, aois, míchumas, cine agus ballraíocht san Lucht Siúil). Aithneofar agus beifear ag obair chun deireadh a chur le constaicí a chuireann cosc ar dhaoine ar an ngannchuid nó a bhfuil eisiamh sóisialta ag baint leo, agus le chonstaicí geografacha a chuireann cosc ar dhaoine teacht ar sheirbhísí.

### 3. Rochtain Fhisiciúl

Cuirfear oifigí glan ar fáil a bhfuil teacht orthu, a chinntíonn príobháideachas, a ghéilleann le ceangal maidir le caighdeán sláinte agus sábháilteachta agus mar chuid den cheangal sin a fhreastalaíonn do rochtain daoine faoi mhíchumas agus do rochtain daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

### 4. Eolas

Beifear gníomhach i mbun soláthar eolais shoiléir, tráthúil agus cruinn, a mbeidh fáil air ag pointí teagmhála uile agus a bheidh oiriúnach do dhaoine a bhfuil riachtanais sonracha acu.  Cinnteofar go mbaintear úsáid iomlán as poitéinseal Teicneolaíocht an Eolais agus go gcloíonn an t-eolas a chuirtear ar fáil ar shuímh idirlín de chuid na seirbhíse poiblí leis na dtreoirlínte maidir le foilseacháin gréasáin.  Déanfar iarracht ar bhonn leanúnach rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú.

### 5. Tráthúlacht agus Cúirtéis

Cuirfear seirbhísí ar fáil le cúirtéis, le híogair agus lena laghad moille agus is féidir, chun timpeallacht a chothú ina dtugann an soláthraí urraim don chustaiméir agus droim ar ais.

Tabharfar ainmneacha an duine teagmhála i ngach cumarsáid chun éascaíocht maidir le idirbhearta leanúnacha a chinntiú.

**6. Gearán**

Coinneofar córas leathanfógartha, áisiúil, trédhearcach agus simplí chun déileáil le gearáin maidir le caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

**7. Achomhairc**

Ar an dóigh céanna, coinneofar córas achomhairc/athbhreithnithe eagraithe, leathanfógartha, áisiúil, trédhearcach agus simplí chun déileáil le chustaiméirí atá míshásta le cinntí maidir le soláthar seirbhísí.

**8. Comhchomhairle agus Measúnú**

Cuirfear ar fáil cur chuige struchtúrtha maidir le rannpháirtíocht agus le comhchomhairle chiallmhar leis an gcustaiméir i leith forbairt, seachadadh agus athbhreithniú seirbhísí. Cinnteofar measúnacht chiallmhar ar sheachadadh seirbhíse.

**9. Rogha**

Cuirfear rogha ar fáil nuair is féidir maidir le seachadadh seirbhíse lena n-áirítear modhanna íocaíochta, áit suiteála na bpointe teagmhála, uaireanta oscailte agus uaireanta seachadta. Bainfear úsáid as teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus atá ann anois chun an oiread agus is féidir de rogha agus de rochtain agus an caighdeán is airde maidir le seachadadh a chinntiú.

**10. Comhionannas Teangacha Oifigiúla**

Cuirfear seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus cuirfear custaiméirí ar an eolas maidir leis an gceart atá acu a rogha den dá theanga oifigiúla a úsáid sa phlé.

**11. Comhordú Níos Fearr**

Cleachtfar cur chuige níos comhordaithe agus níos comhtháite i dtaca le seachadadh seirbhísí poiblí.

**12. Custaiméir Inmheánach**

Cinnteofar go n-aithnítear baill den fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go bhfaigheann siad an taca cuí agus go dtéitear i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse.

# Brollach

Tá Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) tiomanta seirbhís den scoth a chur ar fáil do bhaill an phobail a bhfuil plé acu léi.  Déanfaidh OSFC athbhreithniú agus chuirfidh sé breis feabhais de shíor ar chaighdeán na seirbhíse a chuirfear ar fáil.

Mar chomhlacht san earnáil phoiblí, roinneann OSFC le heagraíochtaí eile den chineáil céanna tiomantas corparáideach do Phrionsabail Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí (mar atá leagtha síos sa Chlár um Rialtas níos Fearr/Clár um Nuachóiriú Seirbhíse Poiblí / Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit). Is Oifig neamhspleách OSFC faoi choimirce na Roinne Post Fiontar agus Nuálaíochta..  Tacaímid leis an anailís agus le huaillmhianta atá rianaithe i bPlean Gnímh na Roinne um Sheirbhís do Chustaiméirí 2014 – 2016 agus beidh ár gcuid ghníomhartha múnlaithe de réir na dtosaíochtaí leagtha amach ann, i gcomhréir le cúram sonrach dlíthiúil OSFC.

Déanann ár bPlean Gníomhaíochta Cúram Custaiméairí forbairt ar na gealltanais agus caighdeáin a leagtar amach in ár gCairt do Chustaiméirí.  Tá sé i gceist go dtabharfaidh an Plean seo éifeacht do Phrionsabail Seirbhís do Chustaiméirí den Scoth in OSFC.  Beidh cur i ngníomh na bprionsabal seo uile ag brath ar struchtúir ábhartha agus cuí, ar sheirbhísí agus ar fhoireann a bheith ann chuige agus ar thús áite a thabhairt do chlár oibre OSFC.

## Cúram Sainordaithe OSFC

Is ar an 28 Samhain 2001 a bunaíodh OSFC go foirmeálta. Ba é a chúram sainordaithe an timpeallacht ghéilliúntais maidir le gníomhaíocht chorparáideach i ngeilleagar na hÉireann a fheabhsú trí:

- géilliúntas i leith cheangail Acht na gCuideachtaí a spreagadh. agus
- daoine nach dtugann aird ar an dlí a thabhairt os comhair na cúirte.

Chomh fada is a bhaineann sé le fiosrú agus le forfheidhmiú, is sna réimse seo a leanas atá a phríomhchumhachtaí ag an Stiúrthóir:

- himscrúduithe cuideachta aimsithe fíoras a thionscnamh;
- ionchúiseamh daoine a bhfuiltear amhrasach go bhfuil Acht na gCuideachtaí á shárú acu;
- maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí faoi leachtú oifigiúil agus deonach agus ar chuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe;
- srianta a chur ar agus iad a dhícháiliú stiúrthóirí agus ar oifigí eile cuideachta;
- maoirseacht ar leachtaitheoirí agus ar ghlacadóirí, agus
- féimhigh neamhurscaoilte a bhíonn ag gníomhú mar oifigí cuideachta a rialú.

Buntáistí sóisialta agus eacnamúla atá ann de bharr obair OSFC is ea laghdú ar bhaol pearsanta agus gnó sa ngeilleagar. Is go príomha chun leas an phobail a bheidh OSFC ag obair ar an dóigh sin in áit a bheith ag cur cóir leighis ar chásanna aonaracha i réimse dlí cuideachta ina bhfuil míshástacht.

## Príomhphointí Teagmhála In OSFC

| | |
|---|---|
| Teileafón | 01 8585800 |
| Íosghlao* (ar chostas glaoigh áitiúil) | 1890 315 015 |

* Is féidir an táille don seirbhís 1890 (ÍosGhlao) a athrú idir soláthraí seirbhíse difriúil. Is féidir go bhfuil na rátaí i bhfad níos áirde ó soláthraithe líonraí móibíleacha.

## Suíomh Idirlín

Tugtar suas chun dáta suíomh idirlín OSFC ag www.osfc.ie ar bhonn rialta. Is ann a chuirtear ar fáil eolas faoi fheidhmithe agus faoi sheirbhísí OSFC, eolas ginearálta, ceisteanna coitianta agus preasráitis, chomh maith le cóipeanna d'fhoilseacháin agus d'fhoirmeacha.

## Foilseacháin

Chomh maith leis an bPlean Gnímh um Sheirbhís do Chustaiméirí, tá líon áirithe d'fhoilseacháin eile a chuireann ar fáil eolas fóinteach maidir le feidhmeanna agus le hoibriúcháin OSFC.  Áirítear ina measc:

- Leabhrán Réamhrá don OSFC;
- Nótaí Eolais faoi Phríomdhualgais, faoi Oibleagáidí, faoi Chumhachtaí agus faoi Chearta Cuideachtaí, Stiúrthóirí, Rúnaí Cuideachtaí, Baill/ Scairshealbhóirí, Iniúchóirí, Creidiúnaithe, Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Imscrúdaitheoirí faoi Acht na gCuideachtaí 2014;
- Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise;
- Líon áirithe de Pháipéir Chomhairliúcháin agus foilseacháin a lean astu siúd, agus
- Tuarascálacha Bhliantúil OSFC.

Tá na foilseacháin siúd go léir le fail ag www.osfc.ie.

# Tiomantas do na Prionsabail Seirbhíse den Scoth do Chustaiméirí

## Brollach

Tá an Oifig tiomanta do seirbhís gairmiúla, éifeachtach agus cúirtéiseach a sholáthair dár custaiméirí uile,  ar aon dul le na treoirphrionsabail Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí (SSC) a a bhfuil glactha leo ar fud na Seirbhíse Poiblí.  Déanann ár bPlean Gníomhaíochta Cúram Custaiméairí forbairt ar na gealltanais agus caighdeáin a leagtar amach in ár gCairt do Chustaiméirí.

## 1. Caighdeán Árd sa tSeirbhís

Foilseofar ráiteas a rianaíonn cineál agus caighdeán na seirbhíse a bhféadfaidh an chustaiméir bheith ag súil leis agus taispeánfar an ráiteas sin go soiléir in ionad seachadta na seirbhíse.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Cairt Chustaiméara agus Plean Gníomh Chustaiméara (PGC) 2016 - 2018 a fhoilsiú as Gaeilge agus Béarla. Beidh sé seo in iúl dár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara na caighdeáin seirbhíse chustaiméara gur féidir leo a bheith ag súil le linn shaolré an Phlean.
- Tuairisciú go bliantúil ar dul chun cinn a rinneadh sna caighdeáin seirbhísí do chustaiméirí a leagtar amach inár gCairt do Chustaiméirí agus ár bPlean Gníomh.
- An Plean Gníomh Chustaiméara agus an Cairt Chustaiméara a chur ar fail ar ár suíomh idirlín i bhformaid leictreonach agus faoi chló (ar iarratas).

## 2. Cothromas/ Éagsúlacht

Cinnteofar ceart an duine ar chóireáil chothrom bunaithe ar reachtaíocht agus déanfar freastal d’éagsúlacht sa chaoi is go gcuirfear leis an gcomhionannas i measc grúpaí atá clúdaithe faoin reachtaíocht um chomhionannas (ar chúiseanna inscne, stádas pósta, stada clainne, claonta gnéasaigh, creideamh, aois, míchumas, cine agus ballraíocht san Lucht Siúil).

Aithneofar agus beifear ag obair chun deireadh a chur le constaicí a chuireann cosc ar dhaoine ar an ngannchuid nó a bhfuil eisiamh sóisialta ag baint leo, agus le chonstaicí geografacha a chuireann cosc ar dhaoine teacht ar sheirbhísí.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Comhlíonadh le reachtaíocht uile ina áiraítear an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998, an tAcht um Stádas Comhionann 2000 agus an tAcht um Chomhionannas 2004.

- A chinntiú go bhfuil gach custaiméir gcaitear go cothrom agus de réir na reachtaíochta ábhartha.
- Seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin cuí a sholáthair fuaime (a mhéid is indéanta), ar iarratas.
- Foirmeacha a chur ar fail i bhformaid eile mar Braille nó fuaime (a mhéid is indéanta), ar iarratas.

### 3. Rochtain Fhisiciúl

Cuirfear oifigí glan ar fáil a bhfuil teacht orthu, a chinntíonn príobháideachas, a ghéilleann le ceangal maidir le caighdeán sláinte agus sábháilteachta agus mar chuid den cheangal sin a fhreastalaíonn do rochtain daoine faoi mhíchumas agus do rochtain daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Cé nach bhfuil oifig poiblí ag an OSFC, déanfaimid cinnte do chustaiméirí, iad le riachtanais speisialta  san áireamh, agus iad ag déileáil le foireann na hOifige.
- Athbhreithniú go rialta Ráitis Sábháilteachta dár bhfoirgneamh.
- Más go bhfuil cúnamh ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar ár seirbhísí cuirfidh Oifigeach Rochtana na hOifige cúnamh agus treoir le fáil. Tá sonraí teagmhála ag Aguisín 1 agus ag ar ár láithreán gréasáin ag www.osfc.ie.

### 4. Eolas

Beifear gníomhach i mbun soláthar eolais shoiléir, tráthúil agus cruinn, a mbeidh fáil air ag pointí teagmhála uile agus a bheidh oiriúnach do dhaoine a bhfuil riachtanais sonracha acu.  Cinnteofar go mbaintear úsáid iomlán as poitéinseal Teicneolaíocht an Eolais agus go gcloíonn an t-eolas a chuirtear ar fáil ar shuímh idirlín de chuid na seirbhíse poiblí leis na dtreoirlínte maidir le foilseacháin gréasáin.  Déanfar iarracht ar bhonn leanúnach rialacha, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Faisnéis atá cuí, cuimsitheach agus cruinn a sholáthar do chustaiméirí.
- Teanga shoiléir shimplí a úsaid i bhfoirmeacha iarratais agus bileoga.
- Freagra a thabhairt ar cheisteanna custaiméara ar bhealach tráthúil.
- Eolas a chur ar fail i bhformaid eile mar Braille, fuaime nó teaga eile (a mhéid is indéanta), ar iarratas.
- Ábhar a chur ar fáil ar ár suíomh idirlín ag www.osfc.ie ar bhealach a chomhlíonann na treoirlínte inrochtaineachta ábhar gréasáin.
- Leanúint chur ar fail Íosghlao* agus rochtain ríomhphost chuig ár réimsí is mó ngnó agus sa bhreis rochtain leictreonach a sholáthair ar ár bileoga agus foirmeacha.

* Is féidir an táille don seirbhís 1890 (ÍosGhlao) a athrú idir soláthraí seirbhíse difriúil. Is féidir go bhfuil na rátaí i bhfad níos áirde ó soláthraithe líonraí móibíleacha.

## 5. Tráthúlacht agus Cúirtéis

Cuirfear seirbhísí ar fáil le cúirtéis, le híogair agus lena laghad moille agus is féidir, chun timpeallacht a chothú ina dtugann an soláthraí urraim don chustaiméir agus droim ar ais.

Tabharfar ainmneacha an duine teagmhála i ngach cumarsáid chun éascaíocht maidir le idirbhearta leanúnacha a chinntiú.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Déileáil le gach custaiméir go cúirtéiseach agus le meas.
- Gach comhfhreagras a admháil laistigh de 5 lá oibre.
- Coinnigh custaiméirí ar an eolas faoi dhul chun cinn má tharlaíonn moill mhíchuí agus muid ag déileáil lena comhfhreagras.
- Íoslaghdaigh amanna feithimh glao.
- Ainm an Aonad Ghnó agus ainm an chomhalta foirne a thabhairt agus ghlaoanna a fhreagairt.
- Sonraí teagmhála a thabhairt ar gach cumarsáid scríofa agus r-phoist.

## 6. Gearán faoi Seirbhís Chustaiméara

Coinneofar córas leathanfógartha, áisiúil, trédhearcach agus simplí chun déileáil le gearáin maidir le caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Déileáil le gach gearán go pras, go cóir agus go neamhchlaon.
- Custaiméirí a chur ar an eolas, nuair is gá, maidir le conas gearáin a dhéanamh faoi Nósanna Imeachta Gearáin Chustaiméara na hOifige.
- Sonraí ár gcóras aiseolas agus gearáin a chur le fáil ar ár suíomh idirlín ag www.osfc.ie.
- Gach gearán faoi seirbhís do chustaiméirí a admháil laistigh de 5 lá oibre.
- Déileáil le gach gearán faoinár seirbhís chustaiméara laistigh de 20 lé oibre, más indéanta.
- Gearán chustaiméara agus aiseolas a athbhreithniú chun chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse.

## 7. Achomhairc

Ar an dóigh céanna, coinneofar córas achomhairc/athbhreithnithe eagraithe, leathanfógartha, áisiúil, trédhearcach agus simplí chun déileáil le chustaiméirí atá míshásta lenár seirbhísí chustaiméara. (Is ceist do na Cúirteanna é achomhairc ar toradh imeachtaí fhorfheidhmiú na hOifige).

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Comhairle a chur ar chustaiméirí a bhaineann le fáil a athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh a bhaineann le cáilíocht na seirbhíse a sholáthraíonn an Oifig.
- Má tá an t-ábhar gan réiteach tar éis gach nós imeachta athbhreithnithe faoi Nósanna Imeachta Gearáin na hOifige ídithe go hiomlán, custaiméirí a chur in iúl go bhfuil ceart acu achomharc a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman.

## 8. Comhchomhairle agus Measúnú

Cuirfear ar fáil cur chuige struchtúrtha maidir le rannpháirtíocht agus le comhchomhairle chiallmhar leis an gcustaiméir i leith forbairt, seachadadh agus athbhreithniú seirbhísí. Cinnteofar measúnacht chiallmhar ar sheachadadh seirbhíse.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Aiseolas ó chustaiméirí a athbhreithniú ó oibriú ár gCóras Tuairimí agus Gearáin Chustaiméara chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse.
- Éascú do chustaiméirí a dtuairimí ar ár seachadadh seirbhíse a roinnt tríd an limistéar Seirbhísí Custaiméirí ar ár suíomh idirlín.
- Aird a thabhairt ar aiseolas ó chustaiméirí agus athbhreithniú nó ath-dhearadh á dhéanamh ar ár seirbhísí.

## 9. Rogha

Cuirfear rogha ar fáil nuair is féidir maidir le seachadadh seirbhíse. Bainfear úsáid as teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus atá ann anois chun an oiread agus is féidir de rogha agus de rochtain agus an caighdeán is airde maidir le seachadadh a chinntiú.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Réimse bealaí teagmhála cuí a sholáthair, mar shampla, uimhreacha teileafóin ÍosGhlao*, ríomhphoist agus trínár suíomh idirlín ag www.osfc.ie
- Leanúint ar aghaidh eolas ar-líne agus trí bhealaí iomchuí a sholáthair.
- Iarracht an réimse seirbhísí ar líne ar fáil do chustaiméirí a chur chun cinn agus a leathnú.

* Is féidir an táille don seirbhís 1890 (ÍosGhlao) a athrú idir soláthraí seirbhíse difriúil. Is féidir go bhfuil na rátaí i bhfad níos áirde ó soláthraithe líonraí móibíleacha.

### 10. Comhionannas Teangacha Oifigiúla

Cuirfear seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus cuirfear custaiméirí ar an eolas maidir leis an gceart atá acu a rogha den dá theanga oifigiúla a úsáid sa phlé.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Comhlíonadh lenár oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Foilseoidh doiciméid tábhachtacha, mar shampla ár dTuarascáil Bhliantúil, as Gaeilge agus as Béarla.
- Freagra a thabhairt as Gaeilge do gach comhfhreagras as Gaeilge faighte.

### 11. Comhordú Níos Fearr

Cleachtfar cur chuige níos comhordaithe agus níos comhtháite i dtaca le seachadadh seirbhísí poiblí.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Páirt a ghlacadh i bhfóraim Rannach, chun bheith cinnte go bhfuil ár gcur chuige seachadta seirbhíse ag teacht le dea-chleachtas ar fud na Seirbhíse Poiblí.
- Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm Cláir Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí.

### 12. Custaiméir Inmheánach

Cinnteofar go n-aithnítear baill den fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go bhfaigheann siad an taca cuí agus go dtéitear i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse.

**Beidh sé mar aidhm ag an Oifig:**

- Foireann a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí san Oifig, i gcás inarb iomchuí, trí úsáid a bhaint as bealaí iomchuí cumarsáide.
- Breithniú a forbairt cur chuige nua, lena n-áirítear modhanna r-sheachadadh, chun oiliúint ar ardchaighdeán agus ar fhorbairt na foirne a shocrú.
- Oiliúint seirbhísí do chustaiméirí agus oiliúint eile a bhaineann a thairiscint le baill foirne a bhíonn i dteagmháil go rialta le baill den phobal.

# FAISNÉIS BHREISE

Ta ár gCairt Chustaiméara le fail as Gaeilge agus as Béarla ar ár suíomh idirlín ag www.osfc.ie/Foilseacháin/CorparáideachReachtúla/FoilseacháinCorparáideachaEile

## Conas teagmháil a dhéanamh linn

Tá ár line teileafóin ar oscailt ó 9.15 am go 1.00pm agus 2.15 pm go 5.30 pm (seachas Dé hAoine, go 5.15 pm).

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmuí Corparáideach<br>16 Céarnóg Pharnell<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 W5C2 |
| **Uimhreacha Teileafóin/Facs** | Príomh-Lasc-chlár: (01) 8585800<br>ÍosGhlao 1890 315 015*<br>Facs: (01) 8585801 |
| **Suíomh Idirlín na hOifige** | www.osfc.ie |
| **Seoladh r-phoist na hOifige** | info@odce.ie |
| **Oifigeach Seirbhís Chustaiméara**<br>Mr Kevin Prendergast | Phone: (01) 8585844<br>Email: feedback@odce.ie |
| **Oifigeach Rochtana**<br>**Oifigeach Idirchaidrimh um Míchumas**<br>**Oifigeach um Saoráil Faisnéise**<br>Ms Phil Flood | Phone: (01) 8585816<br>Email: phil_flood@odce.ie<br>Saoráil Faisnéise amháin: odcefoi@odce.ie |

* Is féidir an táille don seirbhís 1890 (ÍosGhlao) a athrú idir soláthraí seirbhíse difriúil. Is féidir go bhfuil na rátaí i bhfad níos áirde ó soláthraithe líonraí móibíleacha.